An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Micreamhodúl na hIdirbhliana
## Bainistíocht Tionscadail

CNCM
Lúil 2025

# Contents


An Idirbhliain 1

Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí 2

Gnéithe Scoláire na hIdirbhliana 3

Réasúnaíocht 5

Aidhm 5

Leithdháileadh ama 5

Torthaí Foghlama 6

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire 8

Measúnú 12

Modhanna Measúnaithe 12
Na gnéithe cáilíochta 12

Tuairisciú 14

Measúnú 14

Acmhainní 15

# An Idirbhliain

Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán.


Ba cheart go gcuirfeadh eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta.  Le linn na hIdirbhliana, seans go bhforbródh an scoláire caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é ag éirí níos gníomhaí i dtaca lena thaithí oideachais féin a cheapadh, agus i dtaca le cur leis an tsochaí é féin.

Cuireann cláir Idirbhliana deis ar leith ar fáil sa tsraith shinsearach inar féidir le scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris foghlama thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannpháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

# Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Is scáth-théarma é príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí, rudaí a chabhraíonn leis a bheith ina fhoghlaimeoir níos treallúsaí, feabhsaithe agus níos inniúla.

Gheofar tuilleadh faisnéise faoi phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ar **ncca.ie**.





**Fíor 1:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo

# Gnéithe Scoláire na hIdirbhliana

Déantar cur síos leis na Gnéithe Scoláire ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san Idirbhliain agus na heispéiris a d'fhéadfadh tacú leis an bhforbairt sin. Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire:

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme

Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach. Cuimsíonn gach ceann de na Gnéithe Scoláire tacar táscairí forbartha agus eispéireas scoláire bainteach.




**Fíor 2:** Achoimre ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil i [Ráiteas an Chláir Idirbhliana](#) (lgh 11-15)

Liostaítear i dTábla 1 na táscairí forbartha is dóchúla a dtacófar leo trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an scoláire sa mhicreamhodúl seo.

**Tábla 1.** Gnéithe Scoláire lena dtacaíonn an micreamhodúl

| Gné Scoláire | Táscairí Forbartha is ábhartha don mhicreamhodúl |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | • Éirí níos cinnte agus níos muiníní as nó aisti féin mar dhuine<br>• Spriocanna a shocrú don fhorbairt agus don ghnóthachtáil phearsanta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu<br>• Tuiscint ar an gcaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh<br>• A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | • A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus dúshláin a chur roimhe féin<br>• Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | • A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne<br>• Castacht agus éiginnteacht a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu<br>• A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh |
| **Taighde Gairme** | • A bheith ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachana agus meonta<br>• Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú<br>• A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh |

# Réasúnaíocht

Tá domhan an lae inniu ag athrú go tapa agus, do roinnt mhaith scoláirí, níor cumadh na conairí gairme a bhféadfaidís tabhairt fúthu go fóill. Cuireann sochaí atá ag éirí níos inniúla go digiteach agus dul chun cinn na hintleachta saorga (IS) éilimh níos mó ar dhaoine óga a bheith níos oilte maidir le conas sruth cruthaitheach smaointe a bhainistiú, iad a chur i bhfeidhm, agus a gcumas a fhorbairt tionscadail a thabhairt i gcrích go rathúil. Trí scileanna a fhorbairt maidir le tionscadail a thosú, a phleanáil agus a dhéanamh, agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail, agus iad a thabhairt i gcrích, tugtar an deis do dhaoine óga a gcumas a mhéadú chun go mbeidh siad in ann raon leathan tionscadal a bhainistiú sa tsraith shinsearach agus ina dhiaidh sin.

De réir na hInstitiúide Bainistíochta Tionscadail, is iarracht shealadach é tionscadal le tús agus deireadh cinnte, agus cruthaíonn nó táirgeann sé táirge, seirbhís nó toradh uathúil.[1] Cabhraíonn an micreamhodúl seo, a bhíonn faoi stiúir an scoláire, chun a bhfuil ar eolas ag an scoláire óna eispéiris saoil féin agus óna réamhfhoghlaim a dhaingniú, agus cuidíonn sé leis trí scafláil a dhéanamh ar a chuid rannpháirteachais i dtionscadail. Cuireann sé go mór le haon obair thionscadail a d'fhéadfadh an scoláire a bheith páirteach ann ar scoil nó i suíomhanna eile, agus tá sé deartha lena chur ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar cad a bhaineann le tionscadal, chomh maith leis na céimeanna a bhaineann le próiseas bainistíochta tionscadail agus na róil éagsúla laistigh den phróiseas sin. Mar gheall ar ghné fheidhmeach an mhicreamhodúil seo, tá aistriú uilíoch i gceist leis thar réimse disciplíní. Is féidir le múinteoirí tacú le rannpháirtíocht an scoláire sa mhicreamhodúl seo trí chabhrú leis naisc a dhéanamh idir na scafaill agus a bhfuil á fhoghlaim aige faoin mbainistíocht tionscadail agus iad ag cur na foghlama sin i bhfeidhm san fhíor-am mar chuid d'aon tionscadail bheo ar a bhfuil sé ag obair. Féadfaidh an t-eispéireas ar an micreamhodúl ar bhainistíocht tionscadail lorg láidir a fhágáil ar an scoláire agus é ag foghlaim bealaí nua chun a ualaí oibre a bhainistiú, bealaí níos éifeachtaí chun oibriú ina aonar agus i bhfoirne, agus taithí luachmhar ceannaireachta a fháil a aistríonn go forbairt ghairmiúil, acadúil agus phearsanta.

1 www.pmi.org

# Aidhm

Déanfaidh an micreamhodúl seo an méid seo a leanas:

- forbrófar tuiscint an scoláire ar na céimeanna a bhaineann le próiseas bainistíochta tionscadail
- cuirfear ar chumas an scoláire na céimeanna sin a chur i bhfeidhm ar thionscadal faoina bhfuil sé ag tabhairt faoi láthair
- cuirfear ar chumas an scoláire tuiscint agus taithí a fháil ar na róil éagsúla a bhaineann le bainistíocht tionscadail

# Leithdháileadh ama

Dearadh an micreamhodúl seo le haghaidh 20 uair an chloig de theagasc agus foghlaim. Is féidir breithiúnas gairmiúil a úsáid chun líon na n uaireanta a chur in oiriúint chun nádúr na rannpháirtíochta scoláire a chur san áireamh ionas go gcuimseofar leis an micreamhodúl idir am teagmhála ranga agus foghlaim fhéintreoraithe neamhspleách.

# Torthaí Foghlama

Ceapadh na torthaí foghlama thíos chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, tugann siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas do na codanna eile den mhicreamhodúl.

Tá uimhir le gach toradh foghlama chun tacú le pleanáil an mhúinteora. Ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith sna torthaí iad féin.

**Tábla 2.** Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **A bhfuil i gceist le hobair thionscadail** | |
| Tuiscint ar thionscadal mar phróiseas atá faoi cheangal ama agus a dhéantar chun críocha rud ar leith a chur ar fáil, m.sh. seirbhís, táirge, eolas, eispéireas. Mar chuid de thionscadal, éilítear ar dhaoine tabhairt faoi róil éagsúla sa phróiseas lena chur i gcrích, amhail baill foirne nó ceannaire tionscadail. An chaoi a bhfuil roinnt céimeanna ag baint le tionscadal a dhéanann rathúil é, lena n-áirítear an tionscadal a phleanáil agus a dhéanamh, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus an tionscadal a thabhairt chun críche. | **1.1** déan athmhachnamh ar an gcaoi a bhfuil forbairt déanta ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire féin trí obair thionscadail a dhéanamh<br>**1.2** aithin na róil éagsúla, lena n-áirítear róil cheannaireachta agus tacaíochta, faoinar thug an scoláire agus é i mbun obair thionscadail<br>**1.3** róil cheannairí tionscadail, baill foirne agus páirtithe leasmhara a aithint agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar thionscadal |
| Gnéithe a imríonn tionchar ar phróiseas bainistíochta tionscadail lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an bhainistíocht a dhéantar ar scóip an tionscadail chomh maith leis an gcaoi a ndéantar tascanna, am, costais, acmhainní, cumarsáid agus rioscaí a bhainistiú. | **1.4** scrúdaigh na céimeanna a bhaineann le próiseas bainistíochta tionscadail; cuir na céimeanna a bhaineann le próiseas bainistíochta tionscadail i bhfeidhm i leith tionscadail ar ar oibrigh sé roimhe seo agus sainaithin gnéithe a raibh tionchar acu ar an bpróiseas |
| **Tionscadal a phleanáil** | |
| Tús a chur le tionscadal trí phríomhcheisteanna a phlé (Cén fáth, cé, cad, cathain, cén áit, conas) | **2.1** cruthaigh creatlach tionscadail agus sainaithin réasúnaíocht, torthaí beartaithe, amlínte, róil nuair is ábhartha (baill foirne, ceannaire tionscadail), páirtithe leasmhara, rioscaí, acmhainní riachtanacha, agus táscairí ratha an tionscadail |
| Na hacmhainní atá ag teastáil le tionscadal éifeachtach a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear costas, am, acmhainní daonna, tacair éagsúla sainscileanna, cumarsáid | **2.2** cruthaigh plean tionscadail a bhfuil amlínte, acmhainní riachtanacha agus freagrachtaí sannta do gach tasc san áireamh ann |
| An chaoi a gcinntíonn cumarsáid éifeachtach idir ceannairí tionscadail, baill foirne, agus páirtithe leasmhara go bhfuil plean an tionscadail réalaíoch agus indéanta agus go bhfuil maolú déanta ar aon rioscaí | **2.3** léirigh tuiscint ar na buntáistí a bhaineann le cumarsáid éifeachtach i bpleanáil tionscadail |

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Tionscadal a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn** | |
| An chaoi a gcuirtear an tionscadal i gcrích de réir phlean an tionscadail | **3.1** athbhreithniú a dhéanamh ar phlean tionscadail le linn an phróisis agus nuashonrú a dhéanamh nuair is ábhartha |
| Ról an athmhachnaimh ghníomhaigh agus tú i mbun tionscadail | **3.2** athmhachnamh a dhéanamh ar mhórchéimeanna, táscairí ratha, rioscaí, agus aon iarmhairtí neamhbheartaithe a thiteann amach |
| An chaoi a gcinntíonn cumarsáid éifeachtach, nuair atá tionscadal á dhéanamh agus nuair atá monatóireacht a dhéanamh air, go ndéantar tascanna go rathúil agus in am | **3.3** dul chun cinn an tionscadail a eagrú agus a chur in iúl do pháirtithe ábhartha ar bhealaí atá oiriúnach don lucht beartaithe spéise<br>**3.4** tuiscint a léiriú gur féidir le hathruithe teacht ar an bplean tionscadail le linn an phróisis |
| **Tionscadal a chur i gcrích** | |
| Tionscadal a thabhairt chun críche. An tionscadal a thabhairt chun críche agus an seiceáil dheireanach a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil gach tasc a sannadh tugtha chun críche agus, mura bhfuil, go ndéantar athmhachnamh ar na cúiseanna nár tugadh i gcrích iad | **4.1** athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean tionscadail agus athmhachnamh a dhéanamh ar thorthaí deiridh an tionscadail, lena n-áirítear torthaí beartaithe agus neamhbheartaithe<br>**4.2** torthaí deiridh an tionscadail a eagrú agus a chur in iúl do pháirtithe ábhartha ar bhealaí atá oiriúnach don lucht beartaithe spéise |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an eispéireas a bhain le bheith ag obair ar an tionscadal agus leis na daoine a bhí páirteach ann, lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh a bhféadfaí tarraingt orthu le linn tionscadail eile amach anseo | **4.3** athmhachnamh a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus an próiseas á thabhairt chun críche<br>**4.4** tuiscint a léiriú ar an luach a bhaineann le cur i gcrích tionscadail a aithint agus le rath a cheiliúradh |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Bíonn cur chuige dinimiciúil ag teastáil i dteagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht, taiscéalaíocht, agus forbairt an scoláire. Sainaithnítear sa Ghné Churaclaim le haghaidh Teagaisc agus Measúnú cleachtas gairmiúil coiteann agus cleachtas an tseomra ranga atá in ann tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. Go sonrach, ba cheart do chuir chuige i leith an teagaisc san Idirbhliain an scoláire a fhorbairt mar fhoghlaimeoir agus é a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin. Beidh tionchar mór ag aidhmeanna agus ag torthaí foghlama an mhicreamhodúil ar rogha na n oideolaíochtaí teagaisc.

Is é an aidhm ghinearálta sa mhicreamhodúl seo, chun treoir a thabhairt don scoláire tríd an bpróiseas seo:

- Athmhachnamh a dhéanamh ar a eispéiris go dtí seo maidir le tionscadail a phleanáil agus a dhéanamh, agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus iad a thabhairt chun críche
- Na gnéithe éagsúla de bhainistíocht tionscadail a shainaithint
- Foghlaim faoi conas na gnéithe seo a chur i bhfeidhm ar fhorbairt leagan amach tionscadail agus pleanáil a dhéanamh do thionscadal i réimse eile a bhfuil scoláire ag obair air faoi láthair. D'fhéadfadh tionscadal bunaithe ar a chuid foghlama san Idirbhliain, nó tionscadal bunaithe ar a thaithí phearsanta lasmuigh den scoil, a bheith san áireamh leis sin, amhail tionscadal pobalbhunaithe nó tionscadal pearsanta
- Plean an tionscadail a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh air
- Athmhachnamh a dhéanamh ar an eispéireas a bhain le tionscadal a chur i gcrích agus an fhoghlaim a roinnt

**Cuir chuige a mholtar**

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as a bhreithiúnas gairmiúil chun na hoideolaíochtaí cuí agus na heispéiris foghlama bharántúla is fearr a thacóidh lena scoláirí sa mhicreamhodúl seo a roghnú. Is féidir tacú leis an scoláire ar bhonn aonair nó i ngrúpaí ag gach céim den phróiseas bainistíochta tionscadail, agus iad ag cur coincheapa agus scafláil na bainistíochta tionscadail i bhfeidhm ar thionscadal beo ar roghnaigh sé tabhairt faoi. Mar chuid den phróiseas bainistíochta tionscadail, éilítear ar an scoláire pleanáil, cumarsáid a dhéanamh, róil a shannadh agus athmhachnamh a dhéanamh ar feadh an phróisis atriallaigh a bhaineann lena thionscadal féin á thabhairt chun críche. Mar sin, d'fhéadfadh go molfaí oideolaíochtaí mar na hoideolaíochtaí seo a leanas:

- Oideolaíochtaí daonlathacha a leagann béim ar ghuth an scoláire
- Curaclam Comhtháite Idirbheartach
- An mhalairt foghlama
- Cineálacha cur chuige scoláire-lárnaithe agus idirghníomhacha atá bunaithe ar fhiosrú
- Oideolaíochtaí foghlama rannpháirtíochta agus ionchuimsithí
- Cuir chuige chruthaitheacha chun tacú leis an scoláire an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thionscadal rathúil a shamhlú
- Cleachtas athmhachnaimh

Tugtar gníomhaíochtaí i dTábla 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an scoláire chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Is féidir na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint agus níl siad saintreorach ná uileghabhálach.

**Tábla 3.** An chaoi a dtacaíonn an micreamhodúl leis na torthaí foghlama

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí ailínithe |
|---|---|
| **A bhfuil i gceist le hobair thionscadail**<br>1.1, 1.2, 1.3, 1.4 | • Cleachtas treoraithe athmhachnaimh ar thionscadail a raibh baint aige leo roimhe seo, m.sh. MRBanna, tionscadail Chomórtas an Eolaí Óig, ócáidí tiomsaithe airgid, tionscadail fiontraíochta. Sainaithin torthaí beartaithe na dtionscadal (torthaí insoláthartha) chomh maith leis na torthaí neamhbheartaithe<br>• Measúnú a dhéanamh ar a thréithe iompraíochta agus é ag tabhairt faoi thionscadail ina aonar agus i bhfoirne (m.sh Róil Foirne Belbin), a láidreachtaí agus laigí a shainaithint agus é ag iarraidh tionscadal a chur chun cinn.<br>• Athmhachnamh a dhéanamh ar na céimeanna forbartha foirne a bhain le tionscadail ghrúpa ar ar oibrigh sé roimhe seo, amhail Samhail Tuckman (foirmiú, stoirmiú, normú, feidhmiú); déantáin a fhorbairt (m.sh póstaeir, cuir i láthair, iontráil phunainne) leis na céimeanna seo a chur in iúl mar a bhaineann siad le tionscadail atá curtha i gcrích aige go dtí seo<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar chreat scileanna nó inniúlachta (m.sh. Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí) agus cuid de na scileanna agus na hinniúlachtaí a d'úsáid sé agus a d'fhorbair sé trí thionscadail roimhe seo a shainaithint.<br>• Plé a dhéanamh ar na róil éagsúla a bhí aige in obair thionscadail aonair agus ghrúpa. Tionchair dhearfacha agus/nó dhiúltacha a shainaithint a bhí ag ceannairí tionscadail, baill foirne, agus páirtithe leasmhara ar thionscadail a raibh baint aige leo roimhe seo<br>• Céimeanna éagsúla de phróiseas bainistíochta tionscadail a shainaithint do thionscadail a chríochnaigh sé roimhe, nó do thionscadail atá idir lámha aige faoi láthair; páirt a ghlacadh i bplé ar an gcaoi ar sainaithníodh agus a ndearnadh bainistiú ar scóip, am, costais, acmhainní, cumarsáid agus rioscaí.<br>• Punann phearsanta a chruthú lena chuid machnaimh ar an gcineál oibre atá i gceist le hobair thionscadail, bunaithe ar a thaithí ar obair thionscadail go dtí seo. D'fhéadfaí seo a chomhtháthú mar chuid dá phunann iomlán IB. |
| **Tionscadal a phleanáil**<br>2.1, 2.2, 2.3 | • Déantán a chruthú (m.sh. póstaer, punann, cur i láthair) a chuireann príomhcheisteanna an tionscadail in iúl; a bheith ag obair i ngrúpaí le freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo mar chuid de thionscadal atá á phleanáil ag an scoláire agus teimpléad tionscadail a fhorbairt:<br>    • **Cén fáth -** cad é cuspóir an tionscadail? Cén fáth a bhfuil sé á chur i gcrích?<br>    • **Cé -** cé dóibh a bhfuil an tionscadal á chur i gcrích? Cé a bhainfidh leas as torthaí an tionscadail? Cé hiad na páirtithe leasmhara, na baill foirne, ceannaire an tionscadail?<br>    • **Cad** iad torthaí beartaithe an tionscadail? Cad iad na tascanna a bheidh le déanamh chun na torthaí seo a bhaint amach? Cad í amlíne an tionscadail seo? Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth leis na tascanna sin a chur i gcrích? Cad iad na rioscaí a bhaineann leis an tionscadal?<br>    • **Cathain** a sheachadfar na torthaí? Cad iad mórchéimeanna/garspriocanna an tionscadail agus cathain a bhainfear iad siúd amach?<br>    • **Cá** reáchtálfar an tionscadal? Cá seachadfar na torthaí?<br>    • **Conas** a dhéanfar rath an tionscadail a mheas? Conas a dhéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn? Conas a dhéanfar rioscaí a bhainistiú? Conas a chuirfear cumarsáid éifeachtach i bhfeidhm chun go n-éireoidh go maith leis an bpróiseas? |

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí ailínithe |
|---|---|
| | • Cuir chuige éagsúla a fhiosrú le sceideal tascanna a chruthú chomh maith leis na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu a fhiosrú, amhail damhánléaráidí, léaráidí crainn, táblaí, agus cairteacha Gant<br>• Cairt chumarsáide a fhorbairt idir na daoine éagsúla a bhfuil baint acu leis an tionscadal, ag sainaithint na sonraí seo a leanas<br>  ◦ Cad é atá le cur in iúl (nuashonruithe, plean tionscadail, stádas thascanna ar leith, mar shampla)?<br>  ◦ Cén uair a bhfuil gá cumarsáid a dhéanamh (cá mhinice, cé na mórchéimeanna faoina dtarlóidh sí, mar shampla)?<br>  ◦ Cé na daoine ar chóir dóibh modhanna éagsúla cumarsáide a fháil (mar shampla, an ndéanfar cumarsáid leis ceannaire an tionscadail maidir le gach rud a dhéantar, cé na páirtithe leasmhara a dhéanfar cumarsáid leo, nuair is ábhartha)?<br>  ◦ Conas a dhéanfar cumarsáid (glaonna gutháin, téacsanna, ríomhphoist, feasacháin nuachta, tuarascálacha ar dhul chun cinn)?<br>• Measúnú riosca a dhéanamh ar thionscadal atá á phleanáil aige faoi láthair, lena n-áireofar<br>  ◦ Gnéithe a d'fhéadfadh cur isteach ar rath an tionscadail<br>  ◦ Aon ábhair imní eiticiúla maidir leis an tionscadal<br>  ◦ Imeachtaí féideartha a d'fhéadfadh tarlú gan choinne<br>  ◦ Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh le rioscaí a mhaolú agus cé hiad siúd atá freagrach as sin<br>Bain úsáid as an measúnú riosca mar 'dhoiciméad beo' a éascaíonn athmhachnamh leanúnach agus, sa chás inar gá, mar dhoiciméad a éascaíonn cumarsáid lena chinntiú gur féidir aon rioscaí a bhfuiltear ag súil leo nó a thagann chun cinn a laghdú nó fáil réidh leo |
| **Tionscadal a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn**<br>3.1, 3.2, 3.3, 3.4 | • Cruinniú foirne tionscadail a reáchtáil inar féidir le ceannaire an tionscadail plé a éascú idir baill na foirne maidir leis an gcaoi a bhfuil an plean tionscadail á chur i gcrích<br>• Tuarascáil ar stádas an tionscadail a chomhlánú agus a chur i gcrích<br>• Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtí leasmhar le nuashonruithe sonracha tionscadail a chur in iúl ar shlí atá oiriúnach (m.sh. tuarascáil ar dhul chun cinn, ríomhphost, idirphlé éascaithe) |
| **Tionscadal a chur i gcrích**<br>4.1, 4.2, 4.3, 4.4 | • Cruinniú tionscadail deiridh a éascú idir baill a raibh baint acu le tionscadal grúpa, nó comhfhoghlaim a éascú idir daoine aonair a bhí i gceannas ar a dtionscadail féin. I measc na gceisteanna treoracha a d'fhéadfaí a shonrú, tá:<br>  ◦ Cé chomh maith agus a thuig gach duine, a raibh baint acu leis an tionscadal, réasúnaíocht agus cuspóir an tionscadail?<br>  ◦ Cé chomh maith agus a shainaithin mé/muid na hacmhainní cuí a bhí ag teastáil?<br>  ◦ Ar tharla aon cheann de na rioscaí a rabhthas ag súil leo? Má tharla, cé chomh maith agus a láimhseáladh iad?<br>  ◦ Cé chomh héifeachtach is a bhí an chumarsáid le linn an phróisis?<br>  ◦ Cé chomh cruinn agus réalaíoch is a bhí an amlíne?<br>  ◦ An ndearnadh aon bhotúin? An raibh aon rud ann a d'fhéadfaí a dhéanamh níos fearr chun na botúin sin a sheachaint? |

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí ailínithe |
| --- | --- |
| | • Cé na torthaí nach rabhthas ag súil leo? Bunaithe ar na torthaí seo, cad a bhí le foghlaim ar ar féidir liom/linne tarraingt agus mé/muid ag tabhairt faoi thionscadail eile amach anseo?<br>• Cad iad na hinniúlachtaí ar bhain mé/muid úsáid éifeachtach astu leis an tionscadal seo a thabhairt i gcrích?<br>• Cad iad na hinniúlachtaí a d'fhorbair mé/muid agus an tionscadal seo á thabhairt i gcrích?<br>• Cad a thaitin liom/linn faoin bpróiseas? Cad é nár thaitin liom/linn?<br>D'fhéadfadh freagraí ar na ceisteanna thuas cabhrú le scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi bhainistíocht tionscadail amach anseo<br>• Cumarsáid dheiridh a dhéanamh le páirtí leasmhar, ina sainaithnítear torthaí an tionscadail agus ina dtugtar aitheantas dá ionchur<br>• Deiseanna chun cur i láthair a thabhairt sa rang agus chun smaointe a phlé le comhscoláirí agus le daoine eile sa phobal |

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Modhanna Measúnaithe

Is iad na modhanna measúnaithe a liostaítear thíos na cinn is mó a thagann le haidhmeanna, le réasúnaíocht agus le torthaí foghlama an mhicreamhodúil agus leis an mír Teagasc agus Measúnú de Ráiteas an Chláir Idirbhliana freisin (lgh 20-22).

- Déantán a chruthú a léiríonn a chuid rannpháirteachais in obair thionscadail agus a thuiscint ar an gcineál sin oibre, tuiscint atá fréamhaithe ina thaithí féin, mar shampla punann fhisiciúil nó dhigiteach
- Na céimeanna a bhaineann le próiseas bainistíochta tionscadail a chur i bhfeidhm i leith tionscadal dá rogha féin a phleanáil agus a dhéanamh, agus i leith monatóireacht a dhéanamh air agus é a thabhairt chun críche
- Creatlach thionscadail agus plean tionscadail a chruthú i bhformáid chuí
- Cumarsáid a dhéanamh le páirtithe ábhartha maidir le dul chun cinn agus torthaí an tionscadail
- Déantán cruthaitheach saincheaptha a chruthú a léiríonn na ceachtanna atá foghlamtha aige agus é ag dul i ngleic le próiseas bainistíochta tionscadail
- Dialann athmhachnaimh a fhitear isteach ina phunann Idirbhliana

## Na gnéithe cáilíochta

Is ráitis iad gnéithe cáilíochta a thacaíonn leis an múinteoir agus/nó an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht shaothar an scoláire, chun gnóthachtáil a bhronnadh. Is iad na gnéithe cáilíochta thíos na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil an scoláire ag ceann de na trí leibhéal i rith an mhicreamhodúil. Is iad seo a leanas na trí leibhéal sin: Gradam, Tuillteanas, Gnóthaithe.

**Tábla 4.** Na gnéithe cáilíochta

| Réimse Foghlama | Gradam | Tuillteanas | Gnóthaithe |
|---|---|---|---|
| **A bhfuil i gceist le hobair thionscadail**<br>1.1, 1.2, 1.3, 1.4 | Léiríonn an scoláire tuiscint láidir agus leathan ar phróiseas bainistíochta tionscadail, ar róil na ndaoine aonair ann, agus ar na gnéithe a imríonn tionchar ar an bpróiseas, agus is féidir leis nasc a dhéanamh idir an tuiscint seo agus a thaithí féin trí athmhachnamh gníomhach agus criticiúil a dhéanamh | Léiríonn an scoláire tuiscint ar phróiseas bainistíochta tionscadail, ar róil na ndaoine aonair ann, agus ar na gnéithe a imríonn tionchar ar an bpróiseas, agus is féidir leis athmhachnamh a dhéanamh ar a thaithí ar an mbainistíocht tionscadail go dtí seo | Léiríonn an scoláire tuiscint áirithe ar an mbainistíocht tionscadail, ar róil dhaoine aonair, agus ar na gnéithe a imríonn tionchar ar an bpróiseas athmhachnaimh |
| **Tionscadal a phleanáil**<br>2.1, 2.2, 2.3 | Léiríonn an scoláire cumas láidir maidir le tionscadal a leagan amach agus a phleanáil, ina cuimsíonn sé machnamh córasach agus criticiúil ar thascanna, amlínte, acmhainní, róil, táscairí ratha, agus riosca | Léiríonn an scoláire cumas éifeachtach maidir le tionscadal a leagan amach agus a phleanáil, ag cur tascanna, amlínte, acmhainní, róil, táscairí ratha, agus riosca san áireamh | Léiríonn an scoláire cumas áirithe maidir le tionscadal a leagan amach agus a phleanáil, ag cur gnéithe san áireamh nach mór machnamh a dhéanamh orthu agus tionscadal á phleanáil |
| **Tionscadal a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn**<br>3.1, 3.2, 3.3, 3.4 | Léiríonn an scoláire leibhéal ard rannpháirtíochta ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean tionscadail, lena n-áirítear cumarsáid éifeachtach le páirtithe ábhartha, athmhachnamh gníomhach agus criticiúil ag gach céim den phróiseas, agus solúbthacht ó thaobh comhthéacsanna athraithe agus an tionscadal á dhéanamh | Léiríonn an scoláire rannpháirtíocht ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean tionscadail, déanann sé cumarsáid le páirtithe ábhartha, déanann sé athmhachnamh ar na tascanna agus téann sé in oiriúint don tasc nuair is gá | Déanann an scoláire athbhreithniú ar phlean an tionscadail le linn an phróisis agus léiríonn sé cumas áirithe athmhachnaimh |
| **Tionscadal a chur i gcrích**<br>4.1, 4.2, 4.3, 4.4 | Léiríonn an scoláire cumas láidir maidir le tionscadal a thabhairt chun críche, lena n-áirítear cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe ábhartha, chomh maith le hathmhachnamh gníomhach agus criticiúil ar ghníomhartha a glacadh | Léiríonn an scoláire cumas éifeachtach maidir le tionscadal a thabhairt chun críche, déanann sé cumarsáid le páirtithe ábhartha, chomh maith le hathmhachnamh ar cheachtanna a d'fhoghlaim sé ón eispéireas | Léiríonn an scoláire cumas áirithe maidir le tionscadal a thabhairt chun críche, na torthaí a chur in iúl, agus athmhachnamh a dhéanamh ar an eispéireas |


# Tuairisciú

I Ráiteas an Chláir Idirbhliana (lgh 23-25), déantar cur síos ar thrí ghné an tuairiscithe i gcláir Idirbhliana:

- An phunann Idirbhliana
- Machnamh an scoláire
- Muairisciú scoile

Is féidir an phunann Idirbhliana a úsáid mar phunann don mhicreamhodúl seo, nó d'fhéadfaí úsáid a bhaint as punann ar leith don ábhar seo chun iontráil a chruthú agus a úsáid sa phunann Idirbhliana sin. Is féidir leis an scoláire a mhachnaimh a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar thionchar an mhicreamhodúil seo ar a fhoghlaim agus ar a fhorbairt féin.

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar ghníomh an scoláire maidir le tionscadal a phleanáil agus a dhéanamh, agus maidir le monatóireacht a dhéanamh air agus é a thabhairt chun críche, lena n-áirítear déantáin a chruthú amhail creatlach tionscadail, plean tionscadail, agus cumarsáid le páirtithe cuí, ag baint úsáid as an gcóras tuairiscithe a úsáidtear don tuairisc scoile. Mar shampla, d'fhéadfaí na gnéithe cáilíochta a chur in oiriúint ionas go mbeidís ailínithe leis an gcóras tuairiscithe atá roghnaithe ag an scoil. D'fhéadfadh measúnú ar láithreoireachtaí agus ar phunanna a bheith ina chabhair freisin chun achoimre a thabhairt ar fhorbairt an scoláire ar fud na nGnéithe Scoláire a bhaineann leis an micreamhodúl seo




**Fíor 3:** Thrí ghné an tuairiscithe san Idirbhliana:

# Measúnú

Is Gné Churaclaim é Machnamh agus Athnuachan ina bpléitear leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht leanúnach ar chlár na hIdirbhliana agus ar chomhpháirteanna an chláir. Is é cuspóir na meastóireachta ar an micreamhodúl a fháil amach, ó dhearcadh an scoláire agus an mhúinteora, ar éirigh go maith leis an modúl agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur air amach anseo.

D'fhéadfaí an mheastóireacht ar an micreamhodúl seo a dhéanamh trí mheascán d'aiseolas ó bhéal, meastóireacht ar líne, meastóireacht bunaithe ar aiseolas an mhúinteora mar chuid den mheastóireacht ar chlár na hIdirbhliana, nó trí úsáid a bhaint as modhanna eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don scoil.

# Acmhainní

Naoi Ról Foirne Belbin https://www.belbin.com/about/belbin-team-roles

Chun iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar bhainistíocht tionscadail - An Institiúid Bainistíochta Tionscadail ag www.pmi.org

Treoir maidir leis an mbainistíocht tionscadail do thionscadail éagsúla scoilbhunaithe agus do thacaíochtaí éagsúla amhail:

- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann: https://www.youth.ie/documents/guide-to-project-planning-framework/
- Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT: https://btyoungscientist.com/resources/
- Treoracha tionscadail SciFest: https://scifest.ie/Page/General-Resources/3684/Index.html
- Gasóga na hÉireann – From idea to completion – project management simplified: https://www.irelandscouts.ie/wp-content/uploads/Better-World-Project-Manage-your-Project.pdf
- Treoir Tionscadail Junk Kouture: https://junkkouture.com/educators/

Cúig chéim na forbartha foirne: https://projectmanagement.ie/blog/the-5-stages-of-team-development/

Measúnú – Uirlisí chun díriú ar an bhFoghlaim CNCM
https://ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/focus-on-learning/

Níl sé i gceist go mbeadh na hacmhainní ar líne eisiach ná uileghabhálach, agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an mbanc acmhainní seo agus é a athrú agus cur leis dá gcleachtas féin.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment